Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Márta 2021
(OR. en)

6692/21
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0224(COD)

CODEC 306
RECH 83
COMPET 147
IND 48
MI 131
EDUC 69
TELECOM 86
ENER 61
ENV 117
REGIO 32
AGRI 107
TRANS 110
SAN 103
CADREFIN 111
IA 30

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis ón gComhairle |

## Ráiteas ón gComhairle

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rannpháirtíocht is mó na Comhairle a áirithiú, le linn na caibidlíochta maidir le comhaontuithe lena ndéantar tríú tíortha a chomhlachú le cláir an Aontais, lena n-áirítear Clár Réime an Aontais um Thaighde agus um Nuálaíocht, Fís Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Chuige sin, féadfaidh an Chomhairle coiste speisialta a ainmniú lena rachfar i gcomhairle agus an chaibidlíocht ar bun, lena n-áirítear maidir le ceapadh agus ábhar na gcomhaontuithe comhlachais, i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE.

I ndáil leis sin, meabhraítear don Chomhairle prionsabal an chomhair dhílis i measc institiúidí an Aontais, a leagtar síos in Airteagal 13(2) CAE, an dara habairt, agus i gcásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hAirteagal 218(4) CFAE, ar dá réir nach mór don Choimisiún an fhaisnéis agus na doiciméid uile is gá a sholáthar don choiste speisialta chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na caibidlíochta, amhail, go háirithe, na haidhmeanna ginearálta a fógraíodh agus seasaimh na bpáirtithe eile le linn na caibidlíochta, in am trátha, roimh na cruinnithe caibidlíochta, chun comhairle a thabhairt agus chun tuairimí a cheapadh[1].

I gcás ina bhfuil comhaontuithe ann cheana lena ndéantar tríú tíortha a chomhlachú le cláir de chuid an Aontais agus ina bhfuil buanúdarú don Choimisiún chun na téarmaí agus na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le gach tír a chinneadh a bhaineann lena rannpháirtíocht in aon chlár ar leith, agus, i gcás ina gcuidíonn coiste speisialta leis an gCoimisiún sa chúram sin, meabhraítear don Chomhairle nach mór don Choimisiún gníomhú i gcomhairle leis an gcoiste speisialta sin go córasach le linn an phróisis caibidlíochta, mar shampla trí dhréacht-téacsanna a chomhroinnt roimh na cruinnithe leis na tríú tíortha ábhartha, agus trí fhaisnéis agus cuntais rialta a chur ar fáil.

I gcás ina bhfuil comhaontuithe ann cheana lena ndéantar tríú tíortha a chomhlachú le cláir de chuid an Aontais ach nach bhforáiltear do choiste speisialta iontu, measann an Chomhairle gur cheart don Choimisiún dul i mbun plé ar an gcaoi chéanna leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin ar bhealach córasach le linn an phróisis caibidlíochta agus na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le comhlachas le Fís Eorpach á gcinneadh.

## Ráiteas ón gComhairle maidir le hAirteagal 5

Meabhraítear don Chomhairle go n-eascraíonn sé ó Airteagal 179(3) agus Airteagal 182(1) CFAE, arna léamh i dteannta a chéile, nach féidir leis an Aontas ach Clár Réime ilbhliantúil amháin a ghlacadh lena leagtar amach gníomhaíochtaí uile an Aontais maidir le taighde agus forbairt theicneolaíoch. Dá bhrí sin, tá an Chomhairle den tuairim gur clár sonrach é an Ciste Eorpach Cosanta a luaitear in Airteagal 1(2)(c) den Rialachán lena mbunaítear Clár Réime um Thaighde an Aontais – Fís Eorpach, lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche an Chiste seo, lena gcuirtear chun feidhme an Clár Réime de réir bhrí Airteagal 182(3) CFAE agus go dtagann sé faoi raon feidhme an Rialacháin lena mbunaítear an Clár Réime sin.

1 Féach breithiúnas an 16 Iúil 2015, in *Commission v. Council,* [An Coimisiún v An Chomhairle], C-425/13, AE:C:2015:483, mír 66.